

Tugtar le chéile in Saorálaithe Cabhrach an AE saorálaithe agus eagraíochtaí ó thíortha éagsúla, a thacaíonn go praiticiúil le tionscadail cabhrach daonnúla agus a chuidíonn chun cumas agus athléimneacht áitiúil a neartú i measc pobail atá buailte ag tubaistí agus tairgeann sé **deiseanna do shaorálaithe ón AE** a bheith páirteach i gcabhair dhaonnúil.

Maoiníonn an tionscnamh tionscadail a chuireann cuibhreannais d'eagraíochtaí atá lonnaithe san AE agus lasmuigh de isteach, cuibhreannais a fhéachann le cumas eagraíochtaí lasmuigh den AE a neartú chun freagairt a ullmhú agus a thabhairt ar ghéarchéimeanna daonnúla agus bainistíocht a gcuid saorálaithe a fheabhsú.

Cuireann sé cistiú ar fáil, leis, do ghníomhartha trína bhféachtar le cumas teicniúil eagraíochtaí atá lonnaithe san AE a neartú chun comhlíonadh a dhéanamh ar na caighdeáin agus nósanna imeachta is gá chun bheith páirteach i dtionscnamh Shaorálaithe Cabhrach an AE.

Tá 81 eagraíocht páirteach i gcur chun feidhme na dtionscadal forbartha cumais agus 40 eagraíocht i dtionscadail cabhrach teicniúla chun a gcuid córais bainistíochta agus oibríochtúla a neartú, agus chun dul i mbun oibre i gcomhar chun dea-chleachtas a chur chun feidhme i dtaca le cabhair dhaonnúil a sheachadadh agus saorálaithe a bhainistiú.

Forbraíodh caighdeáin Eorpacha ar an tslí a mbainistíonn eagraíochtaí daonnúla a gcuid saorálaithe i bhfianaise an tionscnaimh seo. Cinnteoidh clár Eorpach oiliúna do shaorálaithe go ndéanfar saorálaithe a oiliúint agus a ullmhú go maith sula n-implonáítear iad.

Is é cuspóir an chomhairliúcháin oscailte phoiblí deis a thabhairt do shaoránaigh AE agus gach geallsealbhóir i dtrácht a dtuairim a thabhairt ar fheidhmíocht Shaorálaithe Cabhrach an AE le linn na chéad trí bliana feidhmithe. Anuas air sin, féachann an OPC le faisnéis agus sonraí a bhailiú, nach féidir a fháil trí thaighde deisce agus foinsí eile fianaise.

Díreoidh an mheastóireacht ar chur chun feidhme an Tionscnaimh le linn na trí bliana seo caite (lár 2014 go lár 2017). Bunófar dearadh clár agus leithdháileadh acmhainní sa todhchaí ar thorthaí na meastóireachta. Cuirfidh an mheastóireacht moltaí ar fáil lena n-áirítear conas for-rochtain leordhóthanach an Tionscnaimh a chinntiú.

Foilseofar an tuarascáil deiridh i [Siopa Leabhar an AE](#) agus ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta (ECHO) maidir le [meastóireachtaí - Coimisiún Eorpach](#).

Cé ar féidir leo a bheith páirteach?

Tá an comhairliúchán oscailte poiblí ar oscailt do dhuine ar bith ar mhaith leo tuairim a thabhairt roimh an 31 Deireadh Fómhair 2017. Beidh fáilte roimh thuairimí daoine, eagraíochtaí príobháideacha agus poiblí bheith páirteach sa chomhairliúchán seo.

Conas is féidir liom a bheith páirteach?

Tá dhá cheistneoir ar leith ann:

- **Ceann amháin a dearadh do fhreagróirí nach bhfuil aon eolas domhain acu ar an Tionscnamh, nó fíorbheagán**
- **Ceann eile a dearadh do fhreagróirí a bhfuil eolas domhain acu**

Ná roghnaigh ach ceistneoir amháin, mar sin.